BUS CONNECTS

TRANSFORMING CITY BUS SERVICES

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

# Tionscadal na gConairí Bus Lárnacha

Tuarascáil Meitheamh 2018










**1. Réamhrá** **2**

1.1 Forbhreathnú 2

1.2 Cad atá i BusConnects Bhaile Átha Cliath? 4

1.3 Amlíne Comhchomhairle 6

**2. Brú Tráchta ag Méadú** **8**

2.1 Fadhb le Brú Tráchta 8

2.2 Tionchar ar Thaisteal Bus 9

2.3 Cén fáth go bhfuil an córas bus tábhachtach? 10

**3. Sonraí thionscadal na gConairí Bus Lárnacha** **11**

3.1 Forbhreathnú 11

3.2 Cad a bhainfí amach le leagan amach tipiciúil 13

3.3 Réamh-léarscáileanna bealaigh 15

**4. Na Dúshláin** **17**

4.1 Tionchair dóchúla 19

4.2 Ár bpleananna chun na dúshláin sin a mhaolú 21

**5. Na Tairbhí** **23**

5.1 Cad é tairbhe an phlean seo do rothaithe agus choisithe? 23

5.2 Coigilt Ama do Thurais 24

5.3 Cathair bhríomhar, inbhuanaithe a thógáil do theaghlaigh agus phobail 25

5.4 Aird a thabhairt ar ár bhfreagrachtaí i leith athrú aeráide 27

5.5 Tacú leis an ngeilleagar agus le poist 27

**6. Déan Teagmháil Linn** **29**

**Aguisín** **30**

# 1. Réamhrá


## 1.1 Forbhreathnú

Tá clár mór infheistíochta ar siúl chun iompar poiblí a fheabhsú i mBaile Átha Cliath. Is iad na trí ghné mhór den chlár foriomlán sin ná:

1. Tionscadal **MetroLink** arb é atá i gceist leis ná seirbhís iarnróid uirbigh thuaidh-theas a fhorbairt a rithfear idir Sord agus Áth an Ghainimh, agus a cheanglóidh cinn sprice lárnacha lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Lár na Cathrach ar an mbealach 26km;
2. Le Clár Méadaithe an **DART** cuirfear i bhfeidhm seirbhísí ardmhinicíochta DART go Droichead Átha ar an Líne Thuaidh, Cill Droichid/Collchoill ar Líne Chill Dara, Maigh Nuad agus Bealach na Páirce an M3 ar Líne Mhaigh Nuad/Shligigh, agus leanfar ar aghaidh ag soláthar sheirbhísí DART ar an Líne Thoir Theas, chomh fada theas leis na Clocha Liatha; agus
3. **BusConnects Bhaile Átha Cliath**, plean chun córas bus Bhaile Átha Cliath a athrú ó bhonn, ionas go mbeidh turais ar bus iontaofa, poncúil, áisiúil agus inacmhainne i dteannta lenár mbonneagar rothaíochta a fheabhsú tríd is tríd.

Nuair a bheidh an líonra iompair phoiblí comhtháite sin críochnaithe cuirfear deiseanna nua ar fáil um thaisteal. Ceadóidh sé taisteal níos éasca, níos iontaofa agus níos solúbtha thar raon córacha. Beidh cinn sprice nua ann do dhaoine. Éascóidh an líonra bealaí nua chun dul chuig an obair nó le haghaidh oideachais agus fóillíochta. Leis sin déanfar cinnte go mbeidh amanna taistil níos tapa ná mar is féidir leo bheith faoi láthair. I bhFíor 1 taispeántar an líonra de chonairí iompair phoiblí ardacmhainne – bus, iarnród, mearchóras agus Luas – a bheidh i bhfeidhm i 2027.

Is é atá sa cháipéis seo ná tuairisc suas chun dáta ar na gnéithe bonneagair de thionscadal BusConnects Bhaile Átha Cliath arb é atá i gceist leis ná líonra lárnach chonair bus a thógáil. Is é atá anseo ná 16 chonair ghathach lárnach bus, a gcuirfear leo ina dhiaidh sin le líonra de chuarlánaí.




## Fíor 1:
## Líonra Iompair Phoiblí 2027

- Líonra Lárnach Bus
- Líonra Dart
- Líonra Iarnróid neamh-DART
- Líonra an Luais
- Síneadh beartaithe don Luas
- MetroLink

## 1.2 Cad atá i BusConnects Bhaile Átha Cliath?

Cuireann BusConnects Bhaile Átha Cliath bonn ar fáil don chóras iompair foriomlán seo, agus é tuartha go n-iompróidh an córas bus athbhreithnithe formhór na bpaisinéirí ar fud an réigiúin agus go soláthróidh sé naisc lárnacha chun freastal ar riachtanais Bhaile Átha Cliath amach anseo.

Is í aidhm BusConnects Bhaile Átha Cliath ná an córas bus reatha i réigiún Bhaile Átha Cliath a leasú ó bhonn trí:


- líonra de chonairí bus nua a thógáil ar na bealaí bus is gnóthaí chun turais bhus a dhéanamh níos tapa, intuartha agus iontaofa;
- an líonra bhealaí bus a athdhearadh go hiomlán chun líonra níos éifeachtaí a sholáthar, níos mó áiteanna a nascadh agus níos mó paisinéirí a iompar;
- córas ticeádaithe den chéad scoth a fhorbairt agus úsáid á baint as cártaí creidmheasa agus dochair nó fóin phóca chun nascadh le cuntais íocaíochta agus íocaíocht a dhéanamh i bhfad níos áisiúla;
- córas íocaíochta gan airgead tirim a chur i bhfeidhm chun amanna bordála do phaisinéirí a dhéanamh i bhfad níos tapúla;
- an córas táillí a leasú ó bhonn chun struchtúr táillí níos simplí a chur ar fáil, a cheadóidh gluaiseacht éasca idir seirbhísí bus difriúla gan pionóis airgid;
- libhré nua bus a chur i bhfeidhm a chuirfidh cuma nua-aimseartha ar an gcóras bus nua;
- na stadanna bus nua a chur i bhfeidhm le comharthaí níos fearr agus soláthar scáthlán bus breise a mhéadú; agus
- aistriú - ag tosú anois - go flít bus nua agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí fheithicil astaíochtaí ísle.

Is é atá i BusConnects Bhaile Átha Cliath ná clár de ghníomhartha comhtháite, a bhainfidh amach, le chéile, córas bus a chuirfidh ar chumas níos mó daoine taisteal ar an mbus ná mar a thaisteal riamh, agus a dhéanfaidh rogha inmharthana agus tarraingteach de chomaitéireacht ar an mbus d’fhostaithe, dhaltaí, shiopadóirí agus chuairteoirí. Tá go leor de na tionscnaimh sin ar siúl cheana lena n-áirítear an tionscadal chonair lárnach bus agus athbhreithniú ar líonra bus cheantar Bhaile Átha Cliath.

Ní hé an córas bus amháin, áfach, a athrófar ó bhonn faoi BusConnects Bhaile Átha Cliath. Is iad na conairí céanna atá tábhachtach do bhusanna arb iad na príomhbhealaí rothaíochta isteach go lár na cathrach. Le BusConnects Bhaile Átha Cliath cuirfear áiseanna rothaíochta sábháilte ar fáil ar gach conair, agus iad scartha chomh fada agus is féidir go praiticiúil, ó thrácht eile. Beidh an bonneagar rothaíochta a chuirfear ar fáil faoin gclár seo ag lár líonra rothaíochta an réigiúin agus bainfidh sé amach mórathrú radacach ar áiseanna rothaíochta i mBaile Átha Cliath.



Líonra Conairí Bus Lárnacha
(Buslánaí leanúnacha agus áiseanna um rothaíocht shábháilte)



Athdhearadh Iomlán an Líonra Bus




Córas Ticéadaithe den Chéad Scoth



Struchtúr Táille Níos Simplí




Córas Íocaíochta gan Airgead Tirim




Áiseanna um Páirceáil & Taisteal



Flít Nua Busanna




Stadanna agus Foscadáin Bus Nua




Úsáid Astaíochtaí Feithiclí Ísle

## 1.3 Amlíne Comhchomhairle

I gcaitheamh na míonna atá romhainn tá sé ar intinn againn tabhairt faoi dhá sheisiún mór comhchomhairle leis an bpobal maidir le **BusConnects Bhaile Átha Cliath**. Is iad sin ná:

| | |
|---|---|
| **Iúil 2018:** | Comhchomhairle phoiblí faoin líonra athdheartha de sheirbhísí bus. Tá obair ar siúl chun an líonra seirbhísí bus a oibríonn ar fud Bhaile Átha Cliath a athdhearadh. Is mian linn an líonra foriomlán de sheirbhísí bus a athrú chun ligean do níos mó daoine níos mó áiteanna a bhaint amach i gcaitheamh ama níos giorra ná mar is féidir faoi láthair. Freisin is mian linn go mbeadh an líonra níos simplí agus níos éasca le húsáid. Foilseofar tuairisc ina leagfar amach moltaí don chóras athbhreithnithe bhealaí bus agus iarrfar aiseolas. |
| **M.F./D.F. 2018:** | Comhchomhairle phoiblí ar na moltaí don bhonneagar bus – an tionscadal buslána do na Conairí gathacha Lárnacha Bus a aithneofar amach anseo sa cháipéis seo. Tá sé beartaithe go bhforbrófar níos mó sonraí faoi na conairí éagsúla agus go gcuirfear ar fáil iad mar chuid den phróiseas comhchomhairle seo. |

Cé go gcuirtear fáilte roimh thráchta maidir leis an gcáipéis seo agus gur féidir iad a chur isteach, beidh deis iomlán aiseolas agus tuairimí cuimsitheacha a thabhairt mar chuid de phróiseas comhchomhairle M.F./D.F., nuair a fhorbrófar sonraí iomlána na moltaí.


Swords Manor
Mainéar Shoird
41C
TAXI
VOLVO


# 2. Brú Tráchta ag Méadú

## 2.1 Fadhb le Brú Tráchta

Leanann Éire ar aghaidh ag teacht as an gcúlú eacnamaíochta trom le blianta beaga anuas agus as na leibhéil arda dífhostaíochta a bhí ann i rith an ama sin. Tá an geilleagar ag dul ó neart go neart; tá i bhfad níos mó daoine ag obair; tá leibhéal buaice bainte amach ag líon na gcuairteoirí chun na tíre Chomh maith leis an téarnamh, áfach, tá dúshláin ag dul i méid, agus trácht agus iompar i measc na bhfadhbanna lárnacha atá os comhair réigiún Bhaile Átha Cliath.

I rith an chúlú eacnamaíochta tháinig laghdú suntasach ar leibhéil iompair mar gheall ar fhachtóirí ar nós laghdaithe ar ghníomhaíocht ghnó, níos lú airgid á chaitheamh ag daoine, eisimirce agus dífhostaíocht. Laghdaigh taisteal isteach go lár cathrach Bhaile Átha Cliath agus amach uaidh gach maidin (7r.n. go 10r.n.) ó 207,379 duine i 2006 go 181,042 i 2010, laghdú 13%. Tháinig laghdú 16% ar an líon foriomlán a bhí ag úsáid an bhus agus laghdaigh paisinéirí iarnróid faoi 30%. Chomh maith le laghdú ar úsáid iompair phoiblí, tháinig laghdú ar líon na gcarranna agus na bhfeithiclí gnó ar ár mbóithre. Bhí an brú tráchta níos lú le linn na tréimhse sin agus d'éirigh amanna taistil níos giorra mar go raibh níos lú feithiclí ar na bóithre.

### Fás Daonra Tuartha i Réigiún Bhaile Átha Cliath




Anois i 2018 tá athrú suntasach tagtha ar chúrsaí. Tá leibhéil tráchta méadaithe go seasta ó thosaigh an téarnamh eacnamaíochta agus anois tá brú tráchta i measc na ndúshlán níos mó atá os comhair an réigiúin. Tá sé tuartha go méadóidh daonra réigiún Bhaile Átha Cliath ag 25% faoi 2040, rud a thógfaidh an daonra go beagnach 1.5 milliún sa réigiún.

## 2.2 Tionchar ar Thaisteal Bus

Bíonn tionchar diúltach ag an mbrú tráchta ar go leor gnéithe de shaol daoine, agus mura ndéanfar idirghabháil leanfaidh sé ar aghaidh ag baint ó cháilíocht bheatha daoine agus ag cur fás eacnamaíoch i mbaol.

Ó thaobh iompair phoiblí, is mór an fhadhb í brú tráchta. Ar na bealaí bus is gnóthaí, níl buslánaí i bhfeidhm ach le haghaidh níos lú ná trian den chonair. Ciallaíonn sé sin, maidir leis an gcuid is mó den turas, go mbíonn busanna san iomaíocht leis an trácht ginearálta le haghaidh spáis agus freisin go mbíonn éifeacht ag an méadú ar bhrú tráchta orthu.


Mar thoradh air sin, cé gur cheart go mbeadh turais ar bhus tapa, iontaofa agus intuartha, tá tionchar méadaithe an bhrú tráchta ag baint an bhoinn ón gcuspóir sin. Tá busanna breise á gcur leis an gcóras díreach chun cúiteamh as moilleanna le hamanna turais. Mar sin, cé go mbíodh bus in ann turas bus a dhéanamh i gcaitheamh 90 nóiméid le linn buaicuaireanta agus filleadh tar éis casta timpeall ghairid, tá an turas sin ag tógáil níos faide anois agus is gá bus agus tiománaí breise chun an turas ar ais a dhéanamh le cloí leis an amchlár seirbhísí.

Tá níos mó daoine ag taisteal isteach i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath gach lá ná mar a bhíodh riamh. I 2017, thrasnaigh 211,000 san iomlán an “tródam canála” chun dul chuig an lár cathrach idir buaicam na maidine ó 7r.n. go 10r.n. Tá sé sin níos airde ná mar a bhí le linn bhlianta borrtha an ‘Tíogair Cheiltigh’ agus tá an líon ag méadú gach bliain.

Tá athrú tagtha le deich mbliana anuas ar a modh trína dtéann daoine chuig an lár cathrach. Maidir le thart ar 70% de dhaoine atá ag taisteal isteach sa chathair gach maidin déanann siad sin trí iompar inbhuanaithe-siúl, rothaíocht, bus, iarnród nó luas. Ní hionann carranna ach 30% den taisteal.

As an líon sin a théann isteach go Cathair Bhaile Átha Cliath gach lá, úsáideann an formhór an bus don turas sin. De réir mar a théann an líon sin i méid agus a éiríonn brú tráchta níos measa, tá sé ag éirí níos deacra córas bus iontaofa a oibriú ag a bhfuil dóthain acmhainne chun freastal ar riachtanais an réigiúin.

## Tródam canála meánlíon na dturas laethúil




**Iompar inbhuanaithe:** Bus, Iarnród, Luas, Tacsaí, Siúl, Rothaíocht
**Iompar eile:** Carr, Feithiclí earraí, Gluaisrothair

## 2.3 Cén fáth go bhfuil an córas bus tábhachtach?

Tá an córas bus tábhachtach mar, lena rá go simplí, is é an phríomhghné den réiteach chun aghaidh a thabhairt ar ár bhfadhb reatha le brú tráchta agus freastal ar ár riachtanais iompair sa todhchaí. Ós rud é gur cathair ísealdlúis í Baile Átha Cliath níl ach cúpla ceantar ag a bhfuil an méid agus comhchruinniú daonra um iompar poiblí bunaithe ar iarnród. Ciallaíonn sé sin, maidir leis an gcuid is mó de chonairí i mBaile Átha Cliath, gurb ionann taisteal ar bhus agus an fhoirm bharrmhaith d'iompar poiblí.

D'iompair Bus Bhaile Átha Cliath 137 milliún paisinéir i 2017. Nuair a chuirtear le chéile an figiúr sin leis an bhfigiúr do sheirbhísí comaitéara Bhus Éireann i réigiún Bhaile Átha Cliath, iompraíodh 143 milliún paisinéir ar sheirbhísí bus á n-oibriú ag an Stát i gceantar Bhaile Átha Cliath, i gcomparáid le 38 milliún ar an Luas agus 33 mhilliún paisinéir ar an DART agus ar sheirbhísí comaitéara iarnróid.


Ó thaobh céatadán, is ionann an córas bus agus os cionn 67% de thurais phaisinéara ar bhus poiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ciallaíonn sé sin cé go n-iompraíonn an bus dhá thrian de gach na paisinéirí iompair phoiblí go léir, iompraíonn an Luas 18% agus cuireann seirbhísí DART agus iarnród comaitéara an 15% eile.

Ó thaobh tionchair agus clúdaigh gheografaigh, síneann oibríochtaí bus thar gach conair i gceantar Bhaile Átha Cliath. Ní oibríonn Luas ach dhá líne sheasta - tá Dearg agus Glas agus seirbhísí iarnróid teoranta go ceithre sheirbhís iarnróid – Cill Dara, Maigh Nuad, línte Thuaidh agus Thoir Theas.

Mar gheall ar a gclúdach réigiúnach agus a sholúbthacht is é an córas bus an phríomhfhoirm iompair phoiblí don chuid is mó de dhaoine ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath agus beidh sé amhlaidh fós. Is í cnámh droma na seirbhísí iompair phoiblí agus iompraíonn sé iolraí de líon na bpaisinéirí arna n-iompar ag Luas agus DART/Iarnród Comaitéara.

Mar sin is é an córas bus do sheirbhís iompair phoiblí Bhaile Átha Cliath amach anseo. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimis infheistiú i gcinntiú gur féidir leis an ról sin a chomhlíonadh amach anseo.

### Céatadán de thurais phaisinéara in aghaidh córa i Réigiún Bhaile Átha Cliath



# 3. Sonraí thionscadal na gConairí Bus Lárnacha

## 3.1 Forbhreathnú

Is í béim na coda sin de chlár BusConnects Bhaile Átha Cliath ná an Líonra Lárnach Bus a sheachadadh, ná na buslánaí a bhfuil gá leo chun go n-oibreodh an córas bus go héifeachtúil, go hiontaofa agus go poncúil. Tá sé de rún againn na conairí bus sin a fhorbairt ionas go mbeidh tosaíocht bus leanúnach ag gach ceann acu – i bhfocail eile, busլána leanúnach i ngach treo. Bainfidh sé sin na moilleanna atá ar siúl faoi láthair, moilleanna a éireoidh níos measa de réir mar a mhéadóidh brú tráchta, agus ligfidh sé do na busanna na mílte paisinéir dá gcuid a iompar agus níos mó cinnteachta acu faoin am a bhainfidh siad amach a gcinn scríbe.


Tá ár bplean á fhorbairt agus úsáid á baint as na sonraí go léir atá ar fáil agus réamh-mheastacháin a dhéanamh chun treochtaí agus imeachtaí an ama atá thart a thuiscint. Tógtar san áireamh leis, an staid reatha agus na dúshláin agus na deiseanna a bheidh le sárú ag Baile Átha Cliath i gcaitheamh na mblianta atá romhainn. Sna réamh-mheastacháin don todhchaí gan BusConnects Bhaile Átha Cliath tugtar le fios go soiléir go leanfaidh amanna turais ar aghaidh ag éirí níos measa chomh maith le brú tráchta. Sa mhéid seo a leanas leagtar amach na pleananna chun feabhas mór a chur ar thaithí taistil na n-úsáideoirí bus agus na rothaithe.

**230km**

de thosaíocht leanúnach do bhusanna

**200km**

de raonta/lánaí rothaíochta curtha ar fáil




BUS CONNECTS

TRANSFORMING CITY BUS SERVICES

## Fíor 2:
## Conairí Gathacha Lárnacha Bus

1. Cluain Ghrífín go Lár na Cathrach
2. Sord go Lár na Cathrach
3. Baile Munna go Lár na Cathrach
4. Fionnghlais go Baile Phib
5. Cluain Ghrífín go Baile Bhlainséir
6. Leamhcán go Lár na Cathrach
7. Gleann na Life go Lár na Cathrach
8. Cluain Dolcáin go Droimeanach
9. Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
10. Camaigh go Lár na Cathrach
11. Tamhlacht go Tír an Iúir
12. Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
13. Bré go Lár na Cathrach
14. UCD Droichead na Dothra go Lár na Cathrach
15. An Charraig Dhubh go Muirfin
16. An Rinn go Lár na Cathrach

## 3.2 Cad a bhainfí amach le leagan amach tipiciúil

Ar an iomlán, samhlaítear leis an moladh 230 ciliméadar de bhuslánaí ar sé cinn déag de na conairí bus is gnóthaí i mBaile Átha Cliath, ar a dtugaimid na “Conairí Gathacha Lárnacha Bus”. Taispeántar na conairí sin i bhFíor 2.

I dteannta leis na conairí gathacha lárnacha bus, freisin tá plean um feabhsú na gcuarlánaí bus mar chuid de BusConnects Bhaile Átha Cliath. Beidh na moltaí sin ina bplean ar leithligh a chuirfear chun cinn amach anseo. Taispeántar na cuarlánaí molta i bhFíor 3.

Is é an cuspóir atá againn ná busléna leanúnach a sholáthar i ngach treo chomh maith le dhá lána tráchta ginearálta a choimeád. Ina theannta sin, is mian linn raon rothaíochta tiomnaithe a sholáthar ar an dá thaobh den bhóthar, áiseanna rothaíochta sábháilte a sholáthar, agus iad deighilte ó thrácht feithicle eile. Áirítear leis an leagan amach tipiciúil bóthair do choisithe agus gnéithe tacaíochta mar thrasrianta coisithe ag gach trasnú lárnach bóthair, agus scáthláin bus do phaisinéirí ag feitheamh.


Tá an leagan amach tipiciúil bóthair ar mian linn a bhaint amach ar na conairí gathacha lárnacha bus sin leagtha amach i bhFíor 4.

Tá sé deacair an leagan amach tipiciúil bóthair sin a bhaint amach i gcleachtas, áfach, leagtar amach na dúshláin atá os ár gcomhair agus muid ag iarraidh an leagan amach sin a chur i bhfeidhm. Tá tuilleadh eolais faoi na roghanna deacra nach mór a dhéanamh le fáil sna réamh-léarscáileanna bealaigh a dtugtar sonraí fúthu san Aguisín.

### Fíor 3: Cuarlánaí Bus sa Todhchaí




### Fíor 4: Leagan Amach Tipiciúil Bóthair





## 3.3 Réamh-léarscáileanna bealaigh

San Aguisín leis an gcáipéis seo cuirtear réamh-léarscáileanna bealaigh ar fáil do na sé cinn déag de na Conairí Gathacha Lárnacha Bus. Sna léarscáileanna seo leagtar amach réamh-mholadh um gach ceann de na conairí bus, i dteannta le cuid de na tionchair, na fadhbanna agus na dúshláin lárnacha a bhaineann leis an gconair ar leith. Ní sna bealaí agus na roghanna go léir ach cinn táscacha faoi láthair.

Mura ndéanfar an bonneagar bóthair a athrú ó bhonn, rachaidh feidhmiú an chóras bus i léig. Ciallaíonn sé sin go dtógfaidh turais bhus níos mó ama agus go n-éireoidh siad níos neamhiontaofa. Is í an fhírinne ná nach mbeidh sé ina rogha eile atá réalaíoch do go leor daoine agus nach soláthróidh sé an acmhainn chun na mílte paisinéir breise a iompar a mbeidh sé riachtanach a bhogadh gach lá chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ar fhadhbanna méadaithe le brú tráchta sa réigiún.

Mar atá sonraithe i gCuid 1.3, beidh céim fhoirmiúil comhchomhairle poiblí níos deireanaí i mbliana agus iarrfar aiseolas agus tráchta faoi na moltaí atá ag teacht chun cinn.



# 4. Na Dúshláin

Tá sé tábhachtach a admháil go mbeidh roghanna deacra le déanamh chun an t-athrú mór sin ar fheidhmíocht chóras bus a bhaint amach. Ní mór na cinntí a dhéanamh anois, áfach, seachas a chur ar athló go mbeidh an fhadhb i bhfad níos measa. Cinntí deacra a d'fhéadfadh a bheith i gcuid acu ach tá siad á nglacadh mar go bhfuil muinín againn as na pleananna sin agus as a gcumas an chaoi a n-oibríonn iompar poiblí i mBaile Átha Cliath a athrú ó bhonn.

Cathair mheánaoiseach í Baile Átha Cliath. Tá a cuid sráideanna agus bóithre forbartha agus athraithe i gcaitheamh na gcéadta, ag dul siar go ré na Lochlannach. Ní gá a rá nach raibh na sráideanna deartha chun an líon daoine a bhogadh gach lá a bhfuil gá leo le taisteal isteach is amach ón gcathair gach lá. Téann cuid de bhruachbhailte istigh na cathrach siar chuig an ré Victeoiriach, agus leaganacha amach a bhí deartha do leibhéil tráchta i bhfad níos lú ná mar atá againn inniu.

Ní fhéadfaí a shamhlú i gcaitheamh na gcéadta bliain, go dtiocfadh Baile Átha Cliath chun bheith ina cathair uirbeach mar atá inniu agus go mbeadh na mílte duine ag bogadh trí lár na cathrach ar bhonn laethúil.

Is é ár ndúshlán anois ná freagairt do riachtanais cathrach nua-aimseartha trí chóras bus atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar, atá tógtha ar shráid-dreach a théann siar na céadta. Ciallaíonn sé sin nach mór cinntí deacra a dhéanamh.

- An mbeidh orainn bóithre a leathnú?
- An mbeidh orainn lánaí tráchta reatha a thiontú go buslánaí?
- An mbeidh orainn srian a chur le páirceáil sráide?
- An mbeidh orainn crainn nó codanna de ghairdíní tosaigh a bhaint?

Is iad na freagraí a thabharfar ar na ceisteanna thuas ná sea. Roghanna deacra iad sin, nach féidir a dhéanamh gan mhachnamh go maith air, agus nach ndéanfar amhlaidh. Ní mhothófar gach tionchar ar an gcaoi chéanna agus beidh níos mó athruithe ag teastáil i roinnt ionad i gcomparáid le hionaid eile. I gcaitheamh na mbliana rinneadh na leasuithe a bhí níos éasca a dhéanamh - na cinn nach ndearna mórán ná aon chur isteach. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon athruithe simplí a thuilleadh ar féidir linn a dhéanamh agus a bhainfí tairbhí fiúntacha astu.

Mar sin is gá dúinn athruithe suntasacha a dhéanamh má tá muid chun ligean do Bhaile Átha Cliath fás agus bheith rathúil. Lena rá go simplí, más mian linn i ndáiríre córas iompair phoiblí atá i bhfad níos fearr a chur i bhfeidhm, is gá ár gcóras bus, a iompraíonn níos mó ná dhá-thrian de phaisinéirí bus Bhaile Átha Cliath, a uasghrádú chun freastal ar na héilimh a gcuirfear ar sa todhchaí.

Má chinneann muid gan na hathruithe sin a dhéanamh anois, ansin is gá dúinn glacadh go n-éireoidh an brú tráchta i mBaile Átha Cliath níos measa agus nach mbeidh sé chomh tarraingteach mar áit um chónaí agus obair, dúinn féin agus do na glúnta atá le teacht.



## 4.1 Tionchair dóchúla

### Gluaiseacht tráchta

Trí níos mó tosaíochta a thabhairt do bhusanna agus don rothaíocht athróidh an chaoi a mbogann trácht timpeall na sráideanna faoi láthair. D'fhéadfadh go ndéanfaí bóithre aon-bhealaigh de roinnt bóithre, go dtabharfaí isteach codanna nua do bhusanna amháin agus i roinnt áiteanna go mbeadh ar thrácht ginearálta bealaí nua isteach sa chathair agus amach uaithi a úsáid. Tógfar bealaí rothaíochta breise, a bheidh deighilte go ginearálta ó thrácht feithicle agus cuirfear trasrianta coisithe nua i roinnt áiteanna agus bogfar iad i roinnt ceantar.

### Fáil Codanna de Ghairdíní

Mar gheall go bhfuil an méid spáis nach bhfuil úsáidte chomh beag ar na bóithre gnóthacha sin, is minic nach mbeifear in ann spás a chur ar fáil do na lánaí bus agus na lánaí rothaíochta leis an leithead a bheidh ar fáil. Chun an spás riachtanach a fháil, beidh sé riachtanach, in áiteanna, codanna de ghairdíní tosaigh agus de thalamh os comhair foirgneamh gnó a fháil chun go mbeifear in ann na lánaí bus agus rothaíochta a chur ar fáil. Don mhéid sin bheadh gá le ballaí gairdín nua a thógáil fad gairid siar ón teorainn bóthair reatha.

### Páirceáil Sráide a Laghdú

Toisc go bhfuil na bóithre a bhfuilimid chun leathnú ag dul trí cheantair chónaithe agus ghnó beidh gá leis an méid páirceála sráide a laghdú chun go mbeidh spás don leagan amach nua.

### Baint Crann

Chomh maith leis an ngá le roinnt codanna de ghairdíní tosaigh agus de chosáin a baint, beidh gá freisin le crainn a bhaint ar chuid de na conairí. Ag an gcéim Comhchomhairle Poiblí níos déanaí i mbliana tabharfar sonraí agus ionaid na gcrann agus na dtailte a bheidh i gceist, nuair a bheidh na dearaí tosaigh forbartha.

### Oibreacha Bóthair agus Ionaid Tógála

Tá gá le méid áirithe tógála chun bóithre a leathnú agus lánaí bus agus rothaíochta a thógáil. Déanfar na bóithre reatha a thochailt, chomh maith le codanna de ghairdín agus de chosáin, áit is gá. Déanfar athdhromchlú, colbhaí, athphlandáil agus tírdhreachadh. I rith na gcéimeanna tógála, láithreáin áitiúla a bheidh sna láithreáin tógála agus déanfar iad a bhainistiú ar bhonn bóthair aonair. Mar is amhlaidh is gás aon láithreán oibre agus oibreacha bóthair, beidh leibhéal áirithe torainn agus deannaigh i gceist in éineacht le hatreorú sealadach tráchta.

Beidh sé riachtanach nádúr cónaithe go leor de na bóithre a choimeád i gcuimhne agus méid gach láithreán oibre chomh maith leis na huaireanta oibre á n-oibriú amach. Beidh bainistíocht tráchta an-tábhachtach chun trácht a choimeád ag gluaiseacht agus déanamh cinnte go gcoimeádfar rochtain áitiúil do dhaoine agus do sheachadtaí.



## 4.2 Ár bpleananna chun na dúshláin sin a mhaolú

Is léir gur dúshláin agus tionchair mhóra iad seo. Beidh tionchar níos mó i gceist ar roinnt bóithre i gcomparáid le bóithre eile. Beidh tionchair difriúla i gceist do dhaoine difriúla ag brath ar an áit ina bhfuil cónaí orthu agus a gcuid tithe. Ní hé nach dtuigeann muid nó go bhfuil muid ag déanamh beag is fiú de na deacrachtaí a bheidh ag daoine; sin an fáth go bhfuil siad á sonrú go soiléir againn ag an gcéim luath seo.

Féachfar ar gach rogha indéanta chun go mbeadh an cur isteach ar dhaoine, dá gcuid maoine agus don phobal áitiúil i gcoitinne chomh híseal agus is féidir. Nuair is amhlaidh go simplí, nach bhfuil aon rogha inmharthana eile ann, agus áit gurb eol dúinn go gcaithfidh muid crainn, codanna de ghairdíní nó páirceáil a bhaint, déanfaidh muid cinnte go gcuirfear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm, pé áit is féidir go praiticiúil.

Déanfar sraith shainithe de threoirlínte agus de phrionsabail um maolú agus chúiteamh a fhorbairt sula n-iarrfar cead pleanála. Seo thíos cuid de na bearta a shamhlaíonn muid go mbeidh siad i gceist. Ní liosta iomlán é seo agus samhlaíonn muid go mbeidh ábhair imní eile i gceist.

- Áit a mbeidh tailte, mar chodanna de ghairdíní, á bhfáil um leathnú – ceannóidh muid an cion de ghairdíní tosaigh ó úinéirí foirgnimh; tírdhreachadh nua agus athphlandáil na ngairdíní a chinntiú chomh maith le cúiteamh a sholáthar as cailliúint an choda den ghairdín agus as cur isteach.
- Áit a mbainfear crainn ó thaobh bóthair agus chosáin – cuirfidh muid i bhfeidhm clár cuimsitheach um athphlándáil. Sa chlár seo bainfear úsáid as crainn réamh-fhásta aibí nó leathaibí áit is cuí agus, áit is féidir, cuirfear iad chomh gar agus is féidir do na háiteanna tosaigh.
- Áit a gcaillfear páirceáil sráide nó spás páirceála príobháideach – féachfaidh muid, áit is féidir, chuig spás páirceála malartach a sholáthar do chónaitheoirí agus ghnóthais.
- Áit a mbainfear ballaí nó fálta príobháideacha nó poiblí – tógfaidh muid ballaí gairdín nua agus déanfaidh muid fálta a athsholáthar áit a mbeidh gairdíní athraithe nó giorraithe. Freisin, áit a mbeidh ballaí agus fálta poiblí nó gnó a bhaint tógfar arís iad agus cuirfear cinn nua ar fáil.
- Beidh muid ag lorg ceantar ar na conairí gnóthacha áit a mbeifear in ann na spáis áitiúla reatha agus an tírdhreachadh reatha a fheabhsú. Tá sé tábhachtach an deis seo a thapú ní hamháin chun an méid a bheidh bainte a sholáthar arís ach freisin chun na ceantair áitiúla a fheabhsú. Chun é sin a dhéanamh, cuirfidh muid tacaíocht chistithe ar fáil chun ionaid uirbeacha a fheabhsú agus timpeallachtaí tarraingteacha áitiúla a sholáthar.
- Áit a mbeidh trácht curtha ar mhalairt slí agus atreoraithe, cuirfear dóthain comharthaí agus marcála bóthair ar fáil le go mbeidh daoine in ann a mbealach a aimsiú. Freisin, coimeádfar rochtain áitiúil áit a dtógfar isteach codanna bus-amháin nó córais aonbhealaigh do chónaitheoirí agus d'fhoirgnimh ghnó.



# 5. Na Tairbhí


## 5.1 Cad é tairbhe an phlean seo do rothaithe agus do choisithe?

Ní bhaineann an plean seo le busanna amháin, mar a tharlaíonn, soláthróidh an plean seo áiseanna rothaíochta a bhfuil géarghá leo agus beidh sé níos éasca agus níos tarraingtí taisteal ar rothar timpeall na cathrach. Mar gheall ar an méadú ar líon na rothaithe ar fud Bhaile Átha Cliath ní mór áiseanna rothaíochta sábháilte agus deighilte a sholáthar áit is féidir.

Is iad na conairí bus móra ar fud chathair Bhaile Átha Cliath na príomhbhealaigh rothaíochta chomh maith. Le leathnú na mbóithre sin um buslánaí tugtar deis an bonneagar rothaíochta a athrú ó bhonn ag an am céanna.

I ngach ceann de na 16 dhromchla gathach lárnach bus is é an cuspóir nó áiseanna rothaíochta ardchaighdeáin a sholáthar agus iad deighilte ó na buslánaí agus na lánaí tráchta ginearálta an oiread is féidir. Tá sé oibrithe amach againn go dtógfar 200km de raonta/lánaí rothaíochta nó go bhfeabhsófar lánaí reatha. Bainfidh gach úsáideoir iompair leas as líonra rothaíochta níos fearr. Le líonra níos fearr ní bheidh ar rothaithe buslánaí a roinnt le busanna agus cuirfear deireadh le cuid mhór den choimhlint idir busanna agus rothaithe. Tá an tionscnamh sin mar bhonn don líonra rothaíochta foriomlán atá beartaithe do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Ina theannta sin, tapóidh muid an deis uathúil sin chun timpeallacht níos fearr a dhéanamh do choisithe agus muid ag feabhsú na gconairí sin. Go háirithe, feabhsóidh muid caighdeán na gcosán agus na dtrasrianta coisithe agus áiseanna coisithe ag acomhlacha. Feabhsóidh muid príomhionaid áitiúla le tírdhreachadh breise agus áiseanna lasmuigh.




## 5.2 Coigilt Ama do Thurais

I 2017, ghlac beagnach 13,000 duine páirt i suirbhé faoin líonra bus agus faoi na seirbhísí bus reatha. Astu siúd a ghlac páirt ann is iad na spriocanna is tábhachtaí don iompar poiblí dar leo siúd ná – an brath ar charranna príobháideacha a laghdú, teorainn a chur le brú tráchta agus áit tharraingteach um chónaí agus obair a dhéanamh den chathair. Is léir go leagann daoine tábhacht ar na gnéithe sin maidir leis an gcaoi a leagann siad luach ar a gcáilíocht bheatha agus a n-úsáid ama. Is féidir na spriocanna sin a bhaint amach trí bhuslánaí tiomnaithe a chur ar fáil le poncúlacht, iontaofacht agus seirbhísí níos minice a chinntiú.

Le tionscadal an chonair lárnach bus bainfear amach coigiltis ama turais de suas go 40-50% ar gach dromchla. Le cur i bhfeidhm BusConnects bainfidh daoine i mBaile Átha Cliath a bheidh ag teastáil ar na bealaí sin a gcinn scríbe amach níos tapa ná mar a bhaineann faoi láthair. Rud eile atá chomh tábhachtach sin ná go mbeidh níos cinnteachta acu faoin uair a mbainfidh siad amach a gceann scríbe, mar nach mbeidh éifeacht ag brú tráchta ginearálta ar a mbus a thuilleadh. Mura mbeidh BusConnects Bhaile Átha Cliath againn sa todhchaí, áfach, éireoidh amanna turais níos measa; caithfidh daoine níos mó ama sáinnithe sa trácht agus tógfaidh sé níos mó ama dóibh a gcuid ceann sprice a bhaint amach.

Le tionscadal an chonair lárnach bus cuirfear feabhas ar amanna turais agus cruthófar cinnteacht maidir leis an gcóras bus agus muinín as. Má fheabhsaítear na hamanna turais reatha ar na príomhchonairí bus beidh taisteal ar bhus níos tarraingtí, feabhsófar éifeachtúlacht na seirbhísí agus beidh siad iontaofa sa mhéid is go mbeidh a fhios ag daoine díreach cé chomh fada is a thógfaidh a dturas.

**Na spriocanna is tábhachtaí don iompar poiblí:**

"An brath ar charranna príobháideacha a laghdú"

"Teorainn a chur le brú tráchta"

"Áit tharraingteach um chónaí agus obair a dhéanamh den chathair"

## 5.3 Cathair bhríomhar, inbhuanaithe a thógáil do theaghlaigh agus phobail

Is é atá i gceist le BusConnects Bhaile Átha Cliath ná rogha níos fearr a dhéanamh de thaisteal ar bus. Trí sheirbhís bus ardchaighdeáin, mhinic agus iontaofa a sholáthar, is féidir linn áit níos tarraingtí um chónaí, obair agus chuairt a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath.

Nuair a bheidh bearta cearta um thosaíocht bus i bhfeidhm, beidh sé i bhfad níos éasca seirbhís bus a sholáthar a bheidh tapa agus éifeachtúil, agus a thógfaidh daoine chuig an áit a mbeidh gá leo a bheith, agus an strus chomh híseal agus is féidir. Ciallaíonn sé sin i gcás aon duine ar mian leo taisteal timpeall na cathrach, nó ó chuid amháin de Bhaile Átha Cliath go cuid amháin, go mbeidh sé níos ciallmhaire an bus a thógáil.

Nuair a bheidh turais níos tapa ann agus seirbhísí a bheidh iontaofa d'ainneoin an bhrú tráchta, beidh an chathair cosúil le háit níos tapa agus inrochtana agus beifear in ann dul ó áit ar bith go háit eile le turas éasca ar bhus.

Beidh baile Átha Cliath go léir – a chuid coláistí, oifigí, sráideanna siopaí go léir; a chuid caiféanna go léir, idir sean agus nua; a chuid tithe tábhairne agus siopaí leabhair go léir; a chuid bialann agus amharclann go léir; a charachtar iomlán - oscailte dá chuid saoránach go léir agus dá chuid cuairteoirí go léir.



## 5.4 Aird a thabhairt ar ár bhfreagrachtaí i leith athrú aeráide

Tosaíocht náisiúnta atá i gceist le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athrú aeráide agus cuirfidh BusConnects Bhaile Átha Cliath go mór leis an gcuspóir sin.

Tá go leor dul chun cinn déanta chuige sin agus ar an dea-uair, tá deireadh tagtha leis an uair ina mbíodh gail dhubha de sceitheadh díosail á gcaitheamh amach ag busanna. Ní mór níos mó a dhéanamh, áfach, chun ár bpobail a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha na ngás agus na n-astaíochtaí eile.

Gné lárnach i laghdú na n-astaíochtaí CO2 sin í daoine a bhogadh ó charranna go hiompar inbhuanaithe, chomh maith le dul i ngleic le brú tráchta agus na tionchair dhíobhálacha a bhíonn aige ar an gcomhshaol. Chomh maith leis na tionchair tairbhiúla sin, áfach, is mian linn aistriú go flít d'fheithiclí astaíochtaí ísle, rud a fheabhsóidh níos mó ról an chóras bus sa timpeallacht.

Tá go leor taighde ar réitigh bus leictrigh ar siúl cheana, agus an teicneolaíocht á forbairt go tapa agus go leor déantúsaithe ag tógáil roghanna éagsúla feithicle chun an mhargaidh.

Déanfar plean um fáil flít a fhorbairt chun an flít bus a aistriú go cineál (nó cineálacha) feithicle astaíochtaí ísle, agus na chéad fheithiclí faoina straitéisí sin le bheith in úsáid go luath.

## 5.5 Tacú leis an ngeilleagar agus le poist

Tá córas iompair phoiblí a fheidhmíonn go maith ina riachtanas bunúsach d'aon cheantar cathrach ina bhfuil mian chun go leor deiseanna maithe fostaíochta a sholáthar dá muintir amach anseo. Tá seirbhísí iontacha ag Baile Átha Cliath leis an mbus, an iarnród agus na tramanna ach tá muid chun ár n-acmhainn a choimeád mar chathair, mar réigiún agus mar phríomhchathair, chun leanúint ar aghaidh ag tarraingt na bpost agus na bhfostóirí i bhfearr, beidh orainn níos mó a dhéanamh, agus é a dhéanamh go práinneach.

Tríd an tairiscint fhoriomlán iompair phoiblí a fheabhsú, déanfaidh na moltaí sin amanna taistil chun na hoibre níos giorra agus níos iontaofa, agus mar sin beidh Baile Átha Cliath ina áit níos tarraingtí d'fhostóirí.

Freisin beidh sé níos éasca do dhaoine dul amach agus taitneamh a bhaint as an gcathair agus an méid atá ar fáil inti, agus dea-scéal é sin do ghnóthais sa chathair agus níos faide anonn.



# 6. Déan Teagmháil Linn

Sa cháipéis seo tugtar tuairisc suas chun dáta ar BusConnects Bhaile Átha Cliath agus ar an obair atá á déanamh chun an bonneagar buslána a phleanáil atá ag croílár BusConnects Bhaile Átha Cliath. Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn le haghaidh tuilleadh eolais nó le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat.

Maidir leis na conairí aonair, tá obair ar siúl chun roghanna a mheas agus moltaí a fhorbairt a fhoilseofar um chomhchomhairle phoiblí i Meán Fómhair / Deireadh Fómhair na bliana seo. Dá réir sin, ní bheidh eolas níos sonraí faoi na conairí aonair ar fáil go dtí an chéim chomhchomhairle sin.


Tabharfaidh an láithreán gréasáin **www.busconnects.ie** tuairiscí rialta de réir mar a fhorbróidh an tionscadal. Ina theannta sin is é an seoladh ríomhphoist ná **info@busconnects.ie** agus Saorghlao **1800 303 653**. Más mian leat teagmháil a dhéanamh linn tríd an bpost nó cóipeanna priontáilte den cháipéis seo a fháil is féidir leat scríobh chugainn:

**BusConnects**
An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Dun Sceine
Cúirt Iveagh
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2,
DO2 WT20

# Aguisín

Sa chuid seo taispeántar na réamh-léarscáileanna bealaigh do gach ceann de na conairí bus. I ngach léarscáil léirítear an bealach don chonair gathach lárnach bus ó thús go críoch. Freisin léirítear príomhfhíricí agus tionchair fhéideartha do gach bealach.






# BUS CONNECTS

**TRANSFORMING CITY BUS SERVICES**

## Conairí Gathacha Lárnacha Bus

1. Cluain Ghrífín go Lár na Cathrach
2. Sord go Lár na Cathrach
3. Baile Munna go Lár na Cathrach
4. Fionnghlais go Baile Phib
5. Cluain Ghrífín go Baile Bhlainséir
6. Leamhcán go Lár na Cathrach
7. Gleann na Life go Lár na Cathrach
8. Cluain Dolcáin go Droimeanach
9. Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
10. Camaigh go Lár na Cathrach
11. Tamhlacht go Tír an Iúir
12. Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
13. Bré go Lár na Cathrach
14. UCD Droichead na Dothra go Lár na Cathrach
15. An Charraig Dhubh go Muirfin
16. An Rinn go Lár na Cathrach

Níl sna réamh-léarscáileanna bealaigh a thaispeántar ar na leathanaigh a leanann ach léarscáileanna táscacha agus beidh siad faoi réir athraithe i ndiaidh an phróisis chomhchomhairle agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.

# Cluain Ghrífín > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

1

## Príomhfhíricí


- Fad bealaigh **10km**
- Am reatha an turas bus suas go **65nóim**
- Am turais BusConnects **30-35nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **85nóim +**

## Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

## Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Bóthar Mhullach Íde idir Fionnradharc agus Ascaill Uí Ghríofa: Mar gheall ar shrian ar leithead bóthair sa cheantar seo, moltar rothaithe a atreorú trí Bhóthar Bhriain agus Bhóthar Uí Chaireallláin.
- Nasc bóthair um iompar poiblí amháin idir Halla an Chláir agus Ascaill Bhéal Maighne.





Bealach Bus

Bealach Rothaíochta Malartach

2

# Sord > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




## Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **12km**
- Am reatha an turas bus suas go **71nóim**
- Am turais BusConnects **40nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **80nóim +**

## Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

## Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Bóthar Shoird i Seantrabh ó Bhóthar Sheantraibh chuig an Ionad Omni: Dá gcuirfí buslánaí ar fáil sa dá threo, ní bheadh spás ar an tsráid sin ach d'aon lána amháin um thrácht ginearálta. Faoin socrú sin, sráid aonbhealaigh (amach) a bheadh sa tsráid um thrácht ginearálta, agus trácht isteach treoraithe trí Lána na Cúlóige agus Sheachbhóthar Sheantraibh. Bheadh sliosbhóthar cuimsithe chun Seachbhóthar Sheantraibh a cheangal le Bóthar Sheantalaimh.

Bealach Bus

Bealach Rothaíochta Malartach

# Baile Munna > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

3

### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **6km**
- Am reatha an turas bus suas go **45nóim**
- Am turais BusConnects **20-25nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **55nóim +**

### Tionchair Fhéideartha


- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Bóthar Gharraithe na Lus, Cnoc Ghlas Naíon, Bóthar Bhaile Munna: Chun lána bus a cheadú i ngach treo ar Bhóthar Mobhí, agus na crainn aibí atá ar an tsráid a choimeád, d'fhéadfaí trácht amach a chur trí Bhóthar Gharraithe na Luas, Cnoc Ghlas Naíon agus Bóthar Bhaile Munna. Faoin socrú sin, bóthar aonbhealaigh a bheadh i mBóthar Mobhí ó dheas don trácht ginearálta, agus ligfí do chónaitheoirí rochtain a fháil ar an mbóthar ó thuaidh agus an lána bus á úsáid.

Bealach Bus


Bealach Rothaíochta Malartach



4

# Fionnghlas > Baile Phib

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **4km**
- Am reatha an turas bus suas go **17nóim**
- Am turais BusConnects **12nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **25nóim +**

### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Coirnéal Uí Airt: Mar gheall ar leithead srianta an bhóthair agus srian ar ghluaiseachtaí casta tá sé deacair buslánaí agus lánaí rothaíochta leanúnacha a chur ar fáil tríd an gcóras gíorálach sin.

Bealach Bus

# Baile Bhlainséir > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

5

### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **8km**
- Am reatha an turas bus suas go **65nóim**
- Am turais BusConnects **25-30nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **80nóim +**


### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Seanbhóthar na Cabraí agus Sráid na Prúise: Chun buslánaí a sholáthar, moladh a dhéantar ná tréthrácht ginearálta a bhaint den dá shráid sin. Choimeádfaí rochtain áitiúil, lena n-áirítear rochtain ar an ionad siopadóireachta.


Bealach Bus



6

# Leamhcán > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **10km**
- Am reatha an turas bus suas go **50nóim**
- Am turais BusConnects **30-35nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **60nóim +**

### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Acomhal an M50: D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag soláthar buslánaí leanúnacha tríd an acomhal ar acmhainn fhoriomlán tráchta an acomhail seo.

Bealach Bus

# Gleann na Life > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

7

## Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **10km**
- Am reatha an turas bus suas go **65nóim**
- Am turais BusConnects **30-35nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **80nóim +**


## Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

## Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Mar gheall ar leithead srianta trí Chnocán an Bhrúnaigh agus Bhóthar Shean-Chill Mhaighneann níl neart spáis do bhuslánaí agus lánaí tráchta araon. Chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna ar an gcuid sin den bhealach, bheadh sé riachtanach Cnocán an Bhrúnaigh a shrianadh go hiompar poiblí, rothaithe agus rochtain áitiúil amháin. Bheadh sé riachtanach tréthrácht a atreorú trí na Céanna nó tríd an gCuarbhóthar Theas.
- Mar gheall ar leithead srianta ar Bhóthar Bhaile Formaid idir Bóthar Le Fanu agus Bóthar na Coille Móire, rogha amháin ná trácht isteach a atreorú trí Bhóthar Le Fanu agus Bhóthar na Coille Móire.


Bealach Bus



8

# Cluain Dolcáin > Droimeanach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **4km**
- Am reatha an turas bus suas go **21nóim**
- Am turais BusConnects **14nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **25nóim +**

### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Srianta ar leithead bóthair ag íosbhealach an M50 Moltar go n-úsáidfeadh rothaithe an glasbhealach canála ag an bpointe sin.

Bealach Bus

# Na Glaschnoic > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

9

## Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **11km**
- Am reatha an turas bus suas go **80nóim**
- Am turais BusConnects **35-40nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **100nóim +**

## Tionchair Fhéideartha


- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

## Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Leithead srianta ar go leor bóithre ar an mbealach sin agus gá le leathnú bóthair.
- Tá Timpeallán Bhaile Bhailcín dúshlánach do ghluaiseachtaí bus agus rothar araon.
- Moltar bóithre ceangail nua a thógáil chun an trácht go léir a atreorú trí Ascaill Calmount agus trí Bhóthar Calmount agus rochtain a choimeád ar an tseanchuid de Bhóthar na nGlaschnoc.
- Moltar athailíniú a dhéanamh ar chuid de Bhóthar na nGlaschnoc atá taobh le hacomhal Bhóthar Chaisleán Thigh Motháin.

Bealach Bus


Bealach Rothaíochta Malartach



10

# Camaigh > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **4km**
- Am reatha an turas bus suas go **45nóim**
- Am turais BusConnects **12-15nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **55nóim +**

### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Tá Bóthar Chamaí Íochtarach an-srianta idir Bóthar Ghrianréime agus Crois Araild. Moltar an chuid seo de Bhóthar Chamaí Íochtarach a shrianadh go Busanna, Rothair agus Tacsaithe amháin. Mar sin bheadh ar thréthrácht atreorú trí Pháirc Ghort na Fuiseoige agus Bhóthar Chrois Araild nó trí Bhóthar Ghrianréime agus Bhóthar an Chlochair.
- Mar rogha eile d'fhéadfaí cead a thabhairt do thrácht ginearálta isteach dul síos Bóthar na Camaí Íochtarach go Crois Araild agus trácht ginearálta amach a atreorú trí Bhóthar Chrois Araild agus Pháirc Ghort na Fuinseoige nó trí Bhóthar an Chlochair agus Bhóthar Ghrianréime.

Bealach Bus

Bealach Rothaíochta Malartach

# Tamhlacht > Tír an Iúir

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

11

### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **4km**
- Am reatha an turas bus suas go **32nóim**
- Am turais BusConnects **10-12nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **45nóim+**


### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Tá Bóthar Theach Mealóg ach go háirithe srianta i dTír an Iúir. Chun tosaíocht bus a thabhairt, moltar Bóthar Theach Mealóg a dhéanamh ina bhóthar aonbhealaigh amach le haghaidh tráchta ghinearálta agus ceadú do bhusanna, thacsaithe agus rothair taisteal sa dá threo. Faoin socrú sin, d'iarrfaí ar thrácht ginearálta isteach atreorú trí Bhóthar Gharrán na Cufróige go Trasbhóthar na Camaí nó trí Ascaill Achadh an Tobair go Bóthar Ráth Fearnáin.


Bealach Bus



12

# Ráth Fearnáin > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **6km**
- Am reatha an turas bus suas go **75nóim**
- Am turais BusConnects **20-25nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **90nóim +**

### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Bóthar Ráth Maonais - chun aon bhuslána amháin agus aon lána tráchta amháin a sholáthar sa dá threo bheadh gá le cosáin na sráide a chúngú. Rogha malartach ná trácht amach a atreorú trí Raghnallach agus bóthar aonbhealaigh do thrácht ginearálta a dhéanamh de Bhóthar Ráth Maonais i dteannta le dhá bhuslána a sholáthar.
- Rothaíocht - mar gheall ar shrianta leithid ar Bhóthar Ráth Maonais, tá gá le bealach rothaíochta ar leataobh ón trácht ar an taobh thoir.

Bealach Bus

Bealach Rothaíochta Táscach

# Bré > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

13

## Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **13km**
- Am reatha an turas bus suas go **55nóim**
- Am turais BusConnects **40-45nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **70nóim +**

## Tionchair Fhéideartha


- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

## Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Tá Sráidbhaile Sheanchille srianta ó thaobh an spás bóthair atá ar fáil, agus mar gheall air sin tá soláthar do bhusanna agus rothair an-dúshlánach. Moltar rothaithe a atreorú timpeall Shráidbhaile Sheanchille trí shraith de bhealaí ciúine agus naisc rothaíochta nua soir ón sráidbhaile.

Bealach Bus


Bealach Rothaíochta Malartach



14

# UCD Droichead na Dothra > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **4km**
- Am reatha an turas bus suas go **35nóim**
- Am turais BusConnects **14-15nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **45nóim +**

### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Bheadh gá le roinnt athchumraithe ar acomhlacha tábhachtacha chomh maith le roinnt srianta ar ghluaiseacht tráchta sna háiteanna sin.

Bealach Bus

# An Charraig Dhubh > Muirfin

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)

15

### Príomhfhíricí


- Fad bealaigh **4km**
- Am reatha an turas bus suas go **30nóim**
- Am turais BusConnects **13-15nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **40nóim +**

### Tionchair Fhéideartha

- Codanna de ghairdíní tosaigh bainte
- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Leagan amach ag acomhal Gheataí Mhuirfean.
- Gaire do Riasc Bhaile an Bhóthair, limistéar timpeallachta sainithe





Bealach Bus

16

# An Rinn > Lár na Cathrach

## Conair Lárnach Bus (bonneagar bus & rothaíochta)




### Príomhfhíricí

- Fad bealaigh **5km**
- Am reatha an turas bus suas go **35nóim**
- Am turais BusConnects **15-18nóim**
- Am turais amach anseo gan BusConnects **45nóim+**

### Tionchair Fhéideartha

- Áiteanna páirceála a chailliúint
- Athruithe ar ghluaiseachtaí tráchta
- Cailliúint crann

### Dúshláin Sonracha Bhreise ar an mBealach

- Beidh gá buslána in aghaidh an tsrutha a thabhairt isteach ar Ché na Cathrach.
- Leithead srianta ag dhá dhroichead ardaithe Scherzer ar struchtúir chosanta iad.
- Droichead nua ag teastáil os cionn na Dothra ag an gceann soir de Ché Sir John Rogerson.

Bealach Bus

Bealach Rothaíochta Malartach


COME IN
VISIT
Funland



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

**www.busconnects.ie**

Project Ireland 2040
*Building Ireland's Future*

designed by CATALYSTO